



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

### STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

### FOINSÍ

#### 1. PICTIÚIR

##### PICTIÚR A



<http://static.quim.co.uk/sys-images/Guardian/Pix/pictures/2009/7/30/1248968584208/The-Keep-at-Dover-Castle-007.jpg>


## PICTIÚR B



In Claddagh—where old Irish Customs and Language survive—suburb of Galway, Ireland,  
Copyright 1901 by Underwood & Underwood.

Sa Chladach – áit a maireann nósanna agus teanga na nGael – bruachbhaile de chuid na Gaillimhe, Éire. Cóipcheart 1901 ag Underwood & Underwood.

## PICTIÚR C1



© Waterford Co. Museum And/Or Respective Owners

Pictiúr C1: UK5576 Músaem Chontae Phort Láirge <http://www.waterfordmuseum.ie/exhibit/web>

## PICTIÚR C2



© Waterford Co. Museum And/Or Respective Owners

Pictiúr C2 UK5553 Músaem Chontae Phort Láirge  
<http://www.waterfordmuseum.ie/exhibit/web>

## **2. DOICIMÉID**

### **DOICIMÉAD 1**

Sa bhliain 1839 bhí daonra de 8,000 i bparóiste Charraig an Chabhaltaigh in Iarthar an Chláir agus bhí mórán daoine acu ag fáil bháis den chalar. An bhliain sin cuireadh sagart darbh ainm an tAthair Micheál Ó Miadhacháin ann chun cabhrú leis na híospartaigh a bhí ag fáil bháis agus chun an Ola Dhéanach a chur orthu. Ní raibh aon séipéal sa pharóiste ag an am sin mar nach dtabharfadhl tiarnaí talún cead a gcuid talún a úsáid do shuíomh chun séipéal a thógáil. D'úsáideadh na sagaírt pubaill għarbha chun an tAifreann a cheiliúradh, ach ní raibh aon mhaitheas iontu sin sa drochaimsir. Níltear cinnte conas a fuair an tAthair Ó Miadhacháin an smaoineamh ach, in 1852, d'fhogair sé plean chun cábán mór adhmaid a thógáil a mbeadh ceithre roth faoi agus go raibh sé ar intinn aige an tAifreann a cheiliúradh ann.

Ordaíodh an t-adhmaid ó Luimneach agus fostaídoh siúinéir áitiúil, Eoghan Ó Coileáin, chun “an áirc bheag”, mar a thabharfaí ar an gcábán ina dhiaidh sin, a thógáil. Tar éis dó an struchtúr adhmaid a thógáil, chlúdaigh sé é le canbhás a bhí tarrálte. Bhí dhá fhuinneog ag síneadh feadh an dá thaobh. Bhí altóir íseal taobh istigh agus dealbh den Chroí Rónaofa uirthi, agus bhí cros chéasta os cionn na haltóra.

Nuair a bhí sé réidh le húsáid faoi dheireadh, tugadh síos chuig an trá i gCill Bheathach é. Is ansin cois na farraige a ceiliúradh an tAifreann agus a tugadh teagasc sa Chreideamh go ceann cúig bliana.

**Foinse:** [www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/kilbaha.htm](http://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/kilbaha.htm)

### **DOICIMÉID 2a agus 2b**

#### **DOICIMÉAD 2a**

Tógaigh mé i dteaghlaigh a bhí saíte i gCumann Lúthchleas Gael. Nuair a bhí mé thart ar 18 mbliana d’aois, thosaigh peil na mban den chéad uair i nGaillimh nuair a bunaídoh dhá chlub, ceann acu ab ea Béal Chláir agus an ceann eile Cathair Loistreáin. Thosaigh mé féin agus mo bheirt deirfiúracha ag imirt le Cathair Loistreáin, mar ba é an club ba ghaire dúinn é.

An chuímhne is faide siar atá agam ar Chumann Lúthchleas Gael ná dul chuig teach uncail liom chun féachaint ar Ghaillimh ag imirt i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann in 1964. Ag an am sin, ní raibh mórán daoine ann a raibh teilifiseán acu. Bhí an t-ádh orainne go raibh ceann ag m’uncail a bhí ina chónaí síos an bóthar uainn agus is cuimhin liom a theach a bheith lán agus na comharsana ar fad bailithe isteach chun féachaint ar an gcluiche.

© Tionscadal Stairsheanchais CLG

Íoslódáilte ó

[http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous\\_Themes/CountyByCounty/Galway.html](http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous_Themes/CountyByCounty/Galway.html)

### **DOICIMÉAD 2b**

Ní dheachaigh Daidí ach chun féachaint ar na buachaillí ag imirt. Ar chúis amháin nó ar chúis eile, níor cheap sé gur chóir go mbeadh cailíní ag imirt spóirt. Ach sa deireadh, de réir mar a bhí cúrsaí ag dul ar aghaidh, bhí níos mó buaite agamsa ná mar a bhí ag na buachaillí agus thosaigh sé ag glacadh leis an smaoineamh. Nuair a chonaic sé go raibh níos mó trófaithe cailíní ná trófaithe buachaillí i gcaibinéad na dtrófaithe dúirt sé gur chosúil go raibh fiúntas éigin i spórt na mban. Níor thosaigh sé ag cur suime ann go dtí sin.

© Tionscadal Stairsheanchais CLG.

Tóghtha ó

[http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous\\_Themes/CountyByCounty/Cavan.html](http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous_Themes/CountyByCounty/Cavan.html)